# RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/723 ÓN gCOIMISIÚN

## an 30 Márta 2023

## lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1210/2003 ón gComhairle maidir le srianta sonracha áirithe ar chaidreamh eacnamaíoch agus airgeadais leis an Iaráic

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1210/2003 ón gComhairle an 7 Iúil 2003 maidir le srianta sonracha áirithe ar an gcaidreamh eacnamaíoch agus airgeadais leis an Iaráic agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2465/96 ([1]), agus go háirithe Airteagal 11(b) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) In Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1210/2003 liostaítear daoine nádúrtha agus dlítheanacha, comhlachtaí nó eintitis a bhaineann le réimeas an iar-Uachtaráin Saddam Hussein a chumhdaítear le reo cistí agus acmhainní eacnamaíocha agus le toirmeasc ar chistí nó ar acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil.

(2) An 27 Márta 2023, chinn Coiste Smachtbhannaí Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe duine nádúrtha amháin a bhaint den liosta daoine agus eintiteas ar cheart feidhm a bheith ag an reo sócmhainní maidir leo.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1210/2003 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1210/2003 mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 30 Márta 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*Thar ceann an Uachtaráin*
*Ard-Stiúrthóir*
*An Ard-Stiúrthóireacht um Chobhsaíocht Airgeadais, Seirbhísí Airgeadais agus Aontas na Margaí Caipitil*

([1]) IO L 169, 8.7.2003, lch. 6.

*IARSCRÍBHINN*

In Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1210/2003 ón gComhairle, scriostar an iontráil seo a leanas:

“32. AINM: **Amir Hamudi Hassan Al-Sa’di**

DÁTA BREITHE/ÁIT BHREITHE: an 5 Aibreán 1938, Bagdad

NÁISIÚNTACHT: An Iaráic

BUNÚS RÚN 1483 Ó CHOMHAIRLE SLÁNDÁLA NA NÁISIÚN AONTAITHE:

Comhairleoir Eolaíochta an Uachtaráin;

Leas-Ionadaí Sinsearach, Eagraíocht an Tionsclaithe Mhíleata, 1988 go 1991;

Iar-Uachtarán, an Cór Teicniúil do Thionscadail Speisialta;

Pasanna: Uimh. 33301/862

Víosa eisithe: an 17 Deireadh Fómhair 1997

In éag: an 1 Deireadh Fómhair 2005

M0003264580

Víosa eisithe: Neamhaithnid

In éag: Neamhaithnid

H0100009

Víosa eisithe: Bealtaine 2001

In éag: Neamhaithnid”